## Tuarascáil ón Cheis Fhada: 2
**le Des O'Hagan**

18 Márta, 1972
in The Irish Times, Leathanach 12

Tháinig muid anseo chóir a bheith sé mhí ó shin. I dtús báire cha raibh ach dhá chlós. Ó shin mhéadaigh líon an champa fá chúig, beagnach. Is furasta a shamhlú go mbíonn deacrachtaí le réiteach: ráitis le cur amach ag nochtadh intinn na bhfear ar na cúrsaí a mbaineann leo agus an bun-iarratas sinne a scaoileadh saor. Socraíonn an Chomhairle an seort seo polasaí don champa. Bhí troid chrua leis na húdaráis lena chinntiú go mbeadh coiste den chineál seo ann a d'fhéadfadh labhairt go húdarásach leis an domhan mór. D'éirigh linn agus tagann na hionadaithe le chéile trí huaire in aghaidh na seachtaine le cúrsaí a phlé.

Ag amharc siar anois is doiligh a fheiceáil gur beag athrú a tháinig as an dian-obair a chuir baill na Comhairle isteach. Níl an fhaiche imeartha réidh; tá muid gan leabharlann, ach ag an am céanna is cinnte gur chuir muid go mór leis na fir fanacht aontaithe in éadan córas céasta na gclósanna. Chomh maith leis sin nuair a éiríonn achrann idir sinne agus an gobharnóir, thig leis an champa gníomhú mar aon fhear. Ar na mallaibh b'éigean do na húdaráis cúlú ó ordú a thug siad go gcaithfeadh na fir a gcuid bróg a bhaint daofa sula ligfí ar cuairt iad. Diúltaíodh dó seo. Anois ar an taobh amuigh b'fhéidir go gceapann sibh gur rud suarach é seo. Is iad na cuairteanna an chuid is tábhachtaí i saol na bhfear. Dá gcluinfeadh sibh an gháir a chuaigh suas nuair a fógraíodh gur linn an lá thuigfeadh sibh i gceart é.

**Daonlathach**
Tá an Chomhairle bunaithe go daonlathach ar vótaí na bhfear gan aon tagairt do na heagraíochtaí atá beo beathaíoch istigh anseo. Ar an dóigh sin is féidir a rá go hionraic go labhraíonn an coiste ar son tromlach na mbraighdeanach. Dár ndóigh, tá siad ann nach bhfuil sásta ach is beag an méid iad. Nuair a tháinig muid i gcionn a chéile den chéad uair ceapadh Seán Ó Cianáin as Doire Cholm Cille ina chathaoirleach agus Pádraig S Mac Giolla Éin mar rúnaí. Toghtar an cathaoirleach. Is é Séamus Ó Droma (Béal Feirste) atá sa phost anois.

Seo an darna huair faoi ghlas ag Padaí mar go leor leor eile, ach is iontach ar fad an dóigh ar chaith sé é féin isteach san obair rúnaíochta ag gríosáil daoine le troid in éadan an chórais, ag brú ar an choiste bheith a shíorsmaointiú ar dhóigheanna agus bheartanna nua le ceist an imtheorannaithe a choinneáil os comhair an tsaoil. Ag an am céanna troideann sé go pearsanta níos fearr ná aon duine eile ar an champa. Ar na mallaibh chuir sé an dlí ar an Tiarna Carrington as ucht roinnt abairtí a dúirt sé fá na braighdeanaigh uile bheith ina ndúnmharfóirí agus gunnadóirí. Tá muid ag fanacht go mífhoighdeach le toradh an cháis seo.

Déarfainn go bhfuil cás maith eile aige mar eisean duine de na daoine a tugadh ar shiúl ar an 9ú Lúnasa, 1971 go gcionn seachtaine. Bhí mé ag caint leis agus na fir eile díreach i ndiaidh daofa theacht isteach sa phríosún - bhí a shliocht orthu. Ba é Séamus Ó Tuathail i gcomhar le Padaí a rinne sár-obair an t-am sin ag tabhairt ar dhaoine ráitis a scríobh ag cur síos go cruinn ar chuile rud a tharla le linn daofa bheith i lámha na bpóilíní airm. Tá mé féin daingean cinnte muna ndéanfaí sin ag an am sin gan sos gan staonadh nach gcluinfeadh aon duine faic fán bhrúidiúlacht mhídhaonna a cleachtaíodh in Girdwood agus Holywood. Tá míle buíochas ó gach braighdeanach a dhul leis an bheirt acu as an scéal a chur ós ard.

Is le linn do Sheán Ó Cianáin a bheith ina chathaoirleach gur toisíodh ar fheachtas bolscaireachta le cuidiú leis na hiarrachtaí a bhí á ndéanamh ar an taobh amuigh. Fear eile é Seán a bhfuil an-taithí ar an phríosúnacht aige. Ní gearr go bhfaca sé an tábhacht a bhí leis an scéal fá dhálaí an champa a scaipeadh go forleathan. Chuaigh muid beirt, ar leithscéal fá scrúduithe Gaeilge, thart ar na clósanna go léir a mhíniú an phlean agus a thaispeáint do na fir nach raibh siad cloíte cionn is iad a bheith i ngéibheann. Taobh istigh de choicís scríobhadh níos mó ná míle litir, dathaíodh an méid céanna ciarsúr, gearradh roinnt céadta plaiceanna. Ós íseal a rinneadh an obair agus ós íseal a chuaigh na hearraí déanta amach. Fosta, bunaíodh "Comhchomrádaithe na Ceise Fada", eagraíocht do dhaoine ar mhian leo cur in éadan an imtheorannaithe. Anois bíonn teagmháil phearsanta ag na fir leis na céadta daoine fríd an domhan, daoine a scaipeann go leitheadach nuacht ón champa. Ní féidir a mheas go fóill cén toradh a bheas ar an síolchur seo, ach tagann litreacha ó chóir a bheith chuile

chearn den domhan, fiú amháin an tSeapáin. Caithfidh sé go bhfuil Seán Ó Dí rud beag buartha fán fheachtas.

**Daoine Óga**
Ó d'éirigh Seán [Ó Cianáin] as an phost is le neartú craobhacha Chonradh na Gaeilge a chaitheann sé bunús a chuid ama: é féin agus Seán Mac Eachaidh is cúis le cibé suim a chuireann na daoine óga i bhfoghlaim na teanga. (Sula ndéanfaidh mé dearmad ba mhaith liom, thar ceann na nGaeilgeoirí, fíorbhuíochas a ghabháil le muintir *Inniu*, *Amárach*, Gael-Linn, Conradh na Gaeilge, Comhaltas Uladh as leabharthaí, ceirníní agus nuachtáin a sheoladh chugainn. Cuidíonn sé go mór linn fios a bheith againn go bhfuil spéis ag na heagraíochtaí náisiúnta Gaelacha ionainn). Mar chuid d'imeachtaí Lá 'le Pádraig is rún don choiste ceantair scrúdú don Fháinne Ghlas a bheith ann. Tá mé céasta le mic léinn ag fiosrú fá dheacrachtaí; dá mbeadh siad ag fanacht le Harry Taylor ní fhéadfadh siad bheith níos míshuaimhní.

Molaim go mór díograis na *lads* seo mar tá sé thar a bheith deacair, ní hamháin staidéar anseo, ach litir a scríobh de bharr an síor-racáin. Ní ag agóid atá mé nó ní fhéadfá bheith ag súil go rachadh na stócaigh thart ar nós manach, ach ós rud é nach gceadaítear peil ná aon spórt eile, ní thig liom ach bheith den bharúil gurb é an rún ag an rialtas sinne a chur as ár meabhair nó ár gcoinneáilt ó bheith páirteach i gcúrsaí polaitíochta. Cuir i gcás, agus mé ag scríobh anois tá Raidió Éireann ag cur ceol rince ar fáil, díospóireacht taobh thiar díom fá ghirseach éigin, duine ag obair ar phíosa adhmaid. Ná bígí den bharúil gur teach na ngealt atá anseo. Réitímid go maith lena chéile, ach tuigfidh sibh, b'fhéidir, cad chuige a bhfuil muid i gcónaí ag iarraidh tuilleadh bothán taobh istigh de na clósanna gidh go bhfuil siad millteanach beag mar atá siad.

Glacaimid leis, ar an chomhairle go bhfuil dualgas trom orainn achan íobairt a dhéanamh chun cuidiú leis na fir cur i gcoinne na ndálaí seo, ach ar a bharr sin tuigimid gur seans é seo córas oideachais fhiúntaigh a chur ar fáil chomh maith. Dár ndóigh, níl an rialtas dall air seo ach oiread, mar sin de chuir siad achan seort constaice inár mbealach nuair a thoisigh muid ag iarraidh ranganna staire, matamaitice, Béarla, Rúisise - gach ábhar a d'iarr na fir orainn a chur sa tsiúl daofa. An tseachtain seo caite tháinig ionadaithe ó ghrúpa de mhúinteoirí scoile chugainn, iad lánsásta cuidiú linn an córas oideachais a thoiseacht. Deir siad linn go bhfuil 150 acu ann. Anois níl tuilleadh leithscéalta fágtha ag an rialtas; thig linn dul ar aghaidh - nó shílfeá sin - ach ar maidin nuair a phléigh mé an cheist leis an leasghobharnóir, rinne sé gearán liom nár chuala sé tada go fóill ó na státseirbhísigh in Stormont. Ní eisceacht í seo ach bunchuid de shaol an champa. Ní nach ionadh go gcailleann na fir a míthapa leis go bairdéirí go minic.

I ndeireadh na dála is dócha gurb é seo an buaireamh is mó atá ar an Chomhairle: go bhfágfaidh na fir an poll ifreannda seo slán i gcorp agus in intinn. Ní féidir a shéanadh chuile lá a dtig go n-éiríonn an teannas níos measa. In amanna is féidir é a mhothachtáil go fisiciúil chóir a bheith. Is beag áit in Éirinn nó thar lear, má tá Éireannaigh ann, nár chuala daoine trácht ar an Cheis Fhada. Is é is mó atá ar m'intinn na laethe seo (agus ar intinn go leor eile sa champa nach braighdeanaigh iad) nach rachaidh an scéal amach maidin éigin go raibh círéib anseo agus gur maraíodh méid uafásach fear. Is maith go bhfuil clú agus cáil ar an Cheis Fhada, ach go sábhála na déithe muid ó lá den chineál sin.

[This letter is part of a series of 21 which appeared in The Irish Times between 15 January 1972 and 1 July 1972. Permission for the text from the letters to be archived by CAIN was provided by the current copyright holder Dónal O'Hagan. The full set of letters, plus background information can be found at: https://cain.ulster.ac.uk/des_ohagan/ ]

# TUARASCAIL ON gCEIS FADA: 2

le Des O'Hagan



THÁINIG muid annseo comhair abeith sé míosa ó shoin, i dtús baíre chá rabh ach dhá chlos, ó shoin méaduigh líon an campa fá chúig beagnach. Is furust a shabháil go mbíónn deachrachtaí le réidhteach; ráiteisí le chur amach a nochtadh inntin na bhfear ar na cúrsai a mbaineann leo agus an bun-iarratas sinne a scaoileadh saor. sochraítear an seort seo polasaí don champa ag an chomhairle. Bhí troid chuaidh leis na h-ughdairáis chinntiú go mbeadh coisde den chineál seo ann a fheadfadh labhairt go ughdarasach leis an domhain mhór, d'éirigh linn agus tagann na ionadaí le chéile trí uair in aghaidh na seachtmhaine le chúrsaí a phlé.

Ag amharc siar anois is doiligh a fheicheáil gur beag athrú a dtáinig as an dian obair a chuireadh isteach ag baill an chomhairle, níl an faithche imeartha réidh, tá muid gan leabharlann ach ag an am céanna is cinnte gur chur muid go mór leis na fir fanacht aontaighthe in éadan chórais céasadh na gclós. Comh maith le sin nuair a eirigheann achrann eadar sinne is an gobharnóir thig leis an champa ghníomhú mar aonfhear. Ar na mallaibh b'éigean do na h-ughdaráis chúlú ó ordú a thug siad go gcaithfeadh na fir a gcuid bróg a bhaint daobhtha sul a leigfí ar chuairt iad, diultuigheadh dó seo. Anois ar an taobh amuigh b'fhéidir go gceapann sibh gur rud suarach é seo siad na cuairteanna an chuid is tabhachtaí í saoil na bhfear, dá gcluinfeadh sibh an ghair a chuaidh suas nuair a fograíodh gur linn an lá thuigfeadh sibh i gceart é.

## Daonflathach

Tá an comhairle bunuighthe go daonfhlathach ar votaí na bhfear gan aon tagairt do na h-eagraíachtai atá beo beathaíach istoigh annseo; ar an dóigh sin is féidir a rá go hionnraice go labhrann an coisde ar son tromlach na mbraighdeannach: dár ndóí tá siad ann nach bhfuil sásta ach is beag an méid iad. Nuair a tháinig muid i gcionn achéile don chéad ceapadh Seán Ó Cianáin as Doire Cholmchille na gathaoirleach is Padraig S. Mac Giolla Ein mar rúnaí. Taoghtar cathaoirleach is Padraig S. Mac Séamus Ó Droma (Béalfeirste) atá sa phost anois.

Seo an darna huair faoi ghlas ag Padaí mar leor leor eile ach is iontach ar far an dóigh a chaith sé é fein isteach gan obair runaíachta ag gríosail daoine le troid i néadan an chórais, a brugh ar an choisde bheith a síorsmaointiu ar dhoigheanna is beartanna nua le ceist an imtheorannú a choinnealt ós comhair an tsaoil: ag an am céanna troideann sé go pearsanta níos fearr aon duine eile ar an champa. Ar na mallaibh chuir sé an dlí ar an Tighearna Carringdon as ucht roinnt ahairt a dúirt sé ar an télfís fá na braighdeannaí uile bheith na dunmharbhthóirí is gunnadóirí, tá muid a fanacht go mífhoighdeach ar thoradh an chás seo.

Déirfinn go bhfuil cás maith eile aige mar eisean duine de na daoine a tugadh ar shiúil ar an 9ú Lúnasa, 1971 go gcionn seacthmhaine. Bhí mé a caint leis is na fir eile díreach ina dhiaidh daobhtha theacht isteach sa phríosún, bhí a shliocht ortha. Bé Séamus Ó Tuathail i gcóir le Padaí a rinne sár-obair an t-am sin a tabhairt ar daoine ráitéisí a scríobhadh, a cur sios go cruinn ar chuile a thárla le linn daobhtha bheith i lámhaibh na bPóilín Airm. Tá mé fein daingean cinnte muna ndean-faí sin ag an am sin gan sos gan staonadh nach gclonfeadh aon duine faic fán bruidiulacht mídhaonnacht a cleachtaieadh i nGirdwood agus Hollywood. Tá míle buíochas ó gach braighdeannach a dul leis an bheirt acu as an scéal a chur ós árd.

Is le linn do Seán Ó Cianáin bheith na cathaoirleach gur toisigheadh ar fheachtas bollscaireachta le cuidiú leis na h-iarrachtaí abhí a dhéanamh ar an taobh amuigh. Fear eile Seán a bhfuil antaithí ar an phriosúntacht aige, ní gearr go bhfacha sé an tabhacht a bhí lein an scéal a scaipeadh go leathan fa dálaí an champa. Chuaidh muid beirt, ar leith scéil fá scrudiughthe Gaeilge, thart ar na closanna go leir a míniú an plan is a taisbéant do na fir nach rabh siad claoite cionnas iad bheith i ngéibheann. Taobh istoigh de choichís scriobhadh níos mó ná míle litreacha, dathuigheadh an méid céanna ciarsúir, gearradh roinnt céad placanna, ós íseal a rinneadh an obair agus ós íseal a chuaidh na earraí déantamach. Fosda bunuigheadh "Comchomrádaí na Cheise Fada", eagraíocht do dhaoine ar mhian leo chuir i néadan an imtheorannú. Anois bíonn teangmháil pearsanta ag na fir leis na céadtaí daoine fríd an domhain, daoine a scaipeann go leathadach nuacht ó'n champa. Ní féidir a mheas go fóill cé'n toradh a bhéas ar an síolchur seo, ach tagann litreacha ó comhair a bheith chuile chearn de'n domhain fiú amháin an tSeapáin, caithfidh sé go bhfuil Seán Ó Dí rud beag buartha fán fheactas.

## Daoine Oga

Ó d'éirigh Seán as an phost is le neartiu chraobhach Conradh na Gaeilge a chaitheann se bunús a chuid ama, é féin is Seán Mac Eachaidh is cúis le cibé spéis a chuineann na daoine óga i bhfoghlom na teangaidh. (Sul a ndéanfaidh mé dearmad ba mhaith liom thar cheann na nGaeilgeóirí fíor-bhuiochas a gabháil le muintir *Inniu*, *Amárach*, Gael Linn, Conradh na Gaeilge, Comhalt Uladh as leabharthaí, ceirníní agus nuachtaín a sheoladh chugainn. Cuidigheann sé go mór linn fios bheith againn go bhfuil speís ag na eagraíochtaí náisiúnta Gaelacha ionainn). Mar chuid d'imtheachthaí Lá 'le Pádraig is rún don choiste ceanntair scrúdú don Fháinne Ghlas bheith ann, tá mé céasta le mic-leighinn a fiosrú fá deachrachtaí, da mbeadh siad a fanacht le Harry Taylor ní fhéadfadh siad beith níos mí-shuaimhrí.

Molaim go mór diógrais na lads seo mar tá sé thar a bheith deachair ní amháin stuidéir annseo ach litir a scríobh de bharr an síor-racan, ní ag agóid atá mé nó ní fhéadfa bhéith a súil go rachaidh na stochaigh thart ar nós manaigh, ach ós rud é nach ceadítear peil no aon sport eile ní thig liom ach bheith de'n bharamhail go mó an rún ag an Rialtais sinne a chur as ár meabhair na ár gcoinnealt ó bheith paírteach i gcúrsai politidheachta. Cur i gcás agus mé a scríobh anois tá Radio Éireann a cur ceoil rinnce ar fáil, díospaireacht taobh thiar díom fá giorrsach éigin, duine ag obair píosa amaid, na bigidh de'n bharamhail gur teach na ngealt ata annseo. Réidtímíd go maith lena céile, ach tuigfidh sibh b'fhéidir ca tige a bhfuil muid i gonaí ag iarriadh a thuille botháin taobh istoigh de na clósanna gidh go bhfuil siad millteannach bheag mar atá siad.

Glacaimid leis ar an chomhairle go bhfuil dualgas trom orainn achan íobairt a dhéanamh chun cuidiú leis na fir chur i gcoinne na dálaí seo ach ar a bharr sin tuigimid gur seans é seo córas oideachais fiúntach a chur ar fail comh maith. Dár ndóigh, níl an rialtas dall ar seo fosda mar sinde chuir achan seort constaic nár mbealach nuair a thoisigh muid a dh'iarraidh ranganna staire, matamaitic, béarla, rúiseis, gach adhbar a d'iarr na fir orainn a chur sa tsíuil daoghtha. An seachthmhain seo caithte tháinig ionadaithe ó ghrúpa de múinteoirí scoile chugainn iad lánsásta cuidiú linn an córas oideachais a thoiseacht, deir siad linn go bhfuil 150 acu. Anois níl a thuille leithscealtai fagtha ag an Rialtas, thig linn dhul ar aghaidh no shílfea sin ach ar maidin nuair a phlé mé an ceist leis an leasghobharnóir rinne sé gearán liom nár chuala sé tada go fóill ó na státsheirbheisí i Stormont. Ni éisceacht í seo ach bun-chuid de shaoil an champa nídh nach iongnadh go gcailleann na fir a miapaidh leis na bairdéirí go minic.

I ndeireadh dála is dícha gurabé seo an buaireamh is mó atá ag an chomhairle go bfagfaidh na fir an poll ifrinn seo slán i gcorp agus i n-intinn, ní féidir a shéanadh chuile lá dá dtig go neirigheann an teannas níos measa, in amanna is féidir e a mhochtáil go físiciúl comhair a bheith. Is beag áit in Éireann nó thar lear má tá Éireannaigh ann nar chuala daoine trácht ar an Cheis Fhada sé an rud is mo áta ar m'ntinn na laethe seo (agus ar intinn go leor eile sa champa nach braighdeannaí iad) nach dtéigheann an sceal amach maidin eigin go rabh círéib annseo nár marbhuigheadh méid uafasach fear. Is maith go bhfuil cliu ís cáil ar an Cheis Fhada ach go sabháilfidh na déithe muid ó lá den chinéal sin.